Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh
An Cathaoirleach

10.9.2026

An tUasal Johan Van Overtveldt
Cathaoirleacht
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027 – na ranna uile (2026/0196(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 6 Bealtaine 2026, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Meán Fómhair 2026. Ag an gcruinniú sin, chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin.

Is mise, le meas,

Borys Budka
Cathaoirleacht

MOLTAÍ

1. ag meabhrú na tuairime ó Choiste ITRE maidir leis na treoirlínte do Bhuiséad 2027, inar iarradh go mbeadh Buiséad uaillmhianach de chuid an Aontais ann lena léireofaí na dúshláin atá roimh an Eoraip amhail ionradh leanúnach na Rúise ar an Úcráin agus ionsaithe hibrideacha ar bhonneagar criticiúil na mBallstát, an ghéarchéim sa Mheánoirthear agus praghsanna fuinnimh atá ag ardú, agus an gá atá le hinfheistíocht in iomaíochas tionsclaíoch agus i bpoist ardcháilíochta, san aistriú dúbailte glan agus digiteach, sa cheannasacht theicneolaíoch, in amhábhair chriticiúla, i neamhspleáchas fuinnimh, agus i dtionscal na cosanta, chomh maith le tacaíocht leanúnach don Úcráin;

2. á chur i bhfios go láidir gur gá bonn tionsclaíoch níos athléimní agus níos iomaíche a fhorbairt san Aontas agus á iarraidh ar an gComhairle tacú le buiséad an Aontais lena leithdháilfear an infheistíocht is gá; ag tabhairt dá haire spleáchais sheachtracha an Aontais i réimsí príomhleasa straitéisigh agus eacnamaíoch, amhail amhábhair chriticiúla, fuinneamh, teicneolaíochtaí digiteacha agus cosanta; á iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar na leochaileachtaí sin; á chur in iúl go bhfuil sí ag tnúth le Lárionad AE um Ábhair Chriticiúla, ar cheart don Choimisiún cistiú agus foireann a chur ar fáil dó cheana féin ó bhuiséad 2027;

3. á chur i bhfios go láidir gur gá slándáil an tsoláthair fuinnimh a áirithiú don Eoraip; á chur i bhfáth gur gá deireadh a chur go tapa leis na hallmhairí fuinnimh uile atá fágtha ón Rúis, agus spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú ar an iomlán; á iarraidh, dá bhrí sin, go leanfaí d'infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh athléimneach, i leictriú, i ndícharbónú tionsclaíoch, i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh agus i dtáirgeadh inacmhainne fuinnimh in-athnuaite agus ghlain, agus i slabhraí soláthair san Eoraip, chun margadh fuinnimh an Aontais a dhoimhniú;

4. á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí an clár 'Saoráid um Chónascadh na hEorpa – Fuinneamh' a mhéadú faoi EUR 50 milliún i gcomparáid le dréachtbhuiséad an Choimisiúin, chun tacú le hinfheistíochtaí leanúnacha i mbonneagar fuinnimh ardfheidhmíochta, inbhuanaithe agus trasteorann agus i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite trasteorann, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le hacmhainneacht eangaí, solúbthacht agus saoráidí stórála fuinnimh a mhéadú; ag diúltú go láidir don laghdú atá beartaithe ar ghealltanais i seasamh na Comhairle (EUR -10,0 milliún) don bhuiséad sin; á iarraidh go méadófaí cistiú de EUR 1,05 milliún faoi fhochlár LIFE don Aistriú chuig Fuinneamh Glan, rud a rannchuidíonn le tomhaltóirí agus pobail fuinnimh a chumhachtú, agus ar an gcaoi sin dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh;

5. ag athdhearbhú na hiarrata go dtabharfaí tacaíocht leormhaith do thaighde bunúsach agus feidhmeach chun taighde comhoibríoch a chothú agus chun uas-scálú agus tráchtálú torthaí taighde a éascú; á chur in iúl gur oth léi go mór na ciorruithe a mhol an Chomhairle ar thaighde agus nuálaíocht (EUR -312,1 milliún), a bhfuil EUR -231,4 milliún de beartaithe don chlár Fís Eorpach, rud atá ag teacht salach ar chonclúidí thuarascáil Draghi inar cáineadh béim neamhleor ar an nuálaíocht cheannródaíoch; á chur in iúl gur geal léi an EUR 760,30 milliún a leithdháiltear ar an mBraisle 'Sláinte' sa dréachtbhuiséad, ós rud é go bhfuil taighde sláinte poiblí agus infheistíochtaí i

nuálaíochtaí agus teicneolaíochtaí sláinte ríthábhachtach chun go leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta eolaíoch i sláinte an duine; á chur in iúl gur saoth léi, dá bhrí sin, na ciorruithe a mhol an Chomhairle ar an líne bhuiséid sin (EUR -74,50 milliún); á mheabhrú gur áitigh an Pharlaimint go gcaithfeadh an Bhraisle 'An Cultúr, an Chruthaitheacht agus an tSochaí Chuimsitheach' 45 % ar a laghad ar na Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheacha; á chur in iúl gur oth léi gur theip ar an gCoimisiún an méadú suntasach buiséadach don Bhraisle sin a aistriú go dtí an méid caiteachais a bhfuiltear ag súil leis atá tiomnaithe do thionscail chultúrtha agus chruthaitheacha; á chreidiúint, i gcásanna den sórt sin, nuair nach n-urramaíonn an Coimisiún a ghealltanais pholaitiúla maidir le leithdháileadh cistí laistigh de línte buiséid, gurb iomchuí na cistí faoi seach a choinneáil i gcúlchiste;

6. ag diúltú do chiorruithe na Comhairle ar an mBraisle 'Fuinneamh agus Soghluaisteacht Aeráide' agus ar an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan; á mheabhrú Airteagal 16(5) den Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach, lena gcuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an prionsabal maidir lena áirithiú nach rachaidh rannpháirtíocht ó thíortha comhlachaithe chun dochair do thaighdeoirí Eorpacha; á chur in iúl gur geal léi na leithreasuithe do Chláir Taighde agus Oiliúna Euratom, go háirithe i bhfianaise an ghá atá le forbairtí nuálacha in imoibreoirí modúlacha beaga;

7. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht leormhaith d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), do chuideachtaí meánchaipitlithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear cúnamh níos mó dóibh chun uas-scálú agus dul san iomaíocht ar fud an domhain;

8. ag tabhairt dá haire leithreasuithe an Chláir don Eoraip Dhigiteach sa dréachtbhuiséad, chun tacú le dlús a chur le claochlú digiteach na sochaí agus an gheilleagair; á chur in iúl gur geal léi an méadú suntasach i gcomparáid le 2026 ar ghealltanais i dtreo scileanna (EUR +70,8 milliún), lena n-aithnítear an gá atá le forbairt scileanna digiteacha agus athsciliú lucht saothair ar fud na hEorpa; ag tacú leis an méadú atá beartaithe don intleacht shaorga (IS) agus do leathadh amach na hintleachta saorga, na néalríomhaireachta agus na hacmhainneachta ríomhaireachta, i bhfianaise an ghá atá le hearnáil láidir IS atá tíosach ar fhuinneamh atá bunaithe san Aontas, chomh maith le glacadh tapa na hintleachta saorga ag earnálacha eile; á mheas gur cheart buiséad leormhaith a leithdháileadh don chibearshlándáil, i bhfianaise na gcibearbhagairtí méadaithe atá faoi thionchar IS atá roimh an Aontais; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí EUR 5 mhilliún breise don chibearshlándáil; ag diúltú do sheasamh na Comhairle gealltanais bhuiséadacha a laghdú faoi EUR -33,0 mhilliún do scileanna, EUR 11,0 mhilliún don intleacht shaorga agus EUR 12,6 milliún do EuroHPC, rud a d'fhéadfadh spleáchas na hEorpa ar sholáthraithe eachtracha acmhainneachta ríomhaireachta agus samhlacha IS a dhoimhniú;

9. á chur in iúl gur geal léi dréacht-leithreasuithe buiséid an Choimisiúin do Cheannteideal 5 – Cosaint (+ 13,42 % i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas); á iarraidh go dtabharfaí EUR 5 mhilliún breise i ngealltanais maidir le taighde cosanta, rud atá ríthábhachtach chun taighde comhoibríoch, trasteorann a chistiú agus chun teicneolaíochtaí nuálacha cosanta agus dé-úsáide a fhorbairt;

10. á chur in iúl gur geal léi clár AGILE – '*Accelerating Groundbreaking Innovation for*

Defence in Europe' [Dlús a chur le Nuálaíocht Cheannródaíoch don Chosaint san Eoraip] – arb é is aidhm dó feabhas a chur ar chumas an Aontais nuálaíocht cosanta a sholáthar ar bhealach níos gasta agus níos éifeachtaí; á chur in iúl gur oth léi go maoineofar an tionscnamh nua sin ó ath-leithdháiltí ó chláir spáis agus chosanta atá ann cheana agus, dá bhrí sin, nach ionann é agus cistí ón Aontas atá go hiomlán nua;

11. á mheabhrú a thábhachtaí atá cláir spáis an Aontais don tslándáil, chun nuálaíocht agus ceannasacht theicneolaíoch a spreagadh agus chun tacú le gníomhú ar son na haeráide; á chur in iúl gur saoth léi seasamh na Comhairle laghdú EUR -10,0 milliún a dhéanamh ar ghealltanais chlár Copernicus;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar an gComhairle cistiú agus foireann leormhaith a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí agus do chomhlachtaí uile an Aontais i réimsí beartais na tionsclaíochta, an taighde, an spáis, an fhuinnimh agus na cibearshlándála, chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh i gceart.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

57	+
PPE	Hildegard Bentele, Pilar del Castillo Vera, Raúl de la Hoz Quintano, Niels Flemming Hansen, Krzysztof Hetman, Seán Kelly, Łukasz Kohut, Willemien Koning, Angelika Niebler, Andrey Novakov, Mirosława Nykiel, Virgil-Daniel Popescu, Jüri Ratas, Aura Salla, Paulius Saudargas, Oliver Schenk, Matej Tonin, Marion Walsmann, Andrea Wechsler, Iuliu Winkler, Angelika Winzig, Tomáš Zdechovský
PfE	Jana Nagyová
Renew	João Cotrim De Figueiredo, Sigrid Friis, Bart Groothuis, Michał Kobosko, Ilhan Kyuchyuk, Morten Løkkegaard, Anna Stürgkh, Brigitte van den Berg, Yvan Verougstraete
S&D	Estelle Ceulemans, Christophe Clergeau, Annalisa Corrado, Niels Fuglsang, Lina Gálvez, Jens Geier, Bruno Gonçalves, Nicolás González Casares, Maria Grapini, Eero Heinäluoma, Evin Incir, Thomas Pellerin-Carlin, Tsvetelina Penkova, René Repasi, Elena Sancho Murillo, Bruno Tobback, Nicola Zingaretti
The Left	Jussi Saramo
Verts/ALE	Michael Bloss, Damian Boeselager, Markéta Gregorová, Ville Niinistö, Majdouline Sbai, Lena Schilling, Villy Søvndal

3	-
ESN	Markus Buchheit
PfE	András Gyürk, Auke Zijlstra

15	0
ECR	Elena Donazzan, Rihards Kols, Daniel Obajtek, Diego Solier, Claudiu-Richard Târziu, Francesco Torselli, Kris Van Dijck, Mariateresa Vivaldini
PPE	Eszter Lakos
PfE	Majbritt Birkholm, Mélanie Disdier, Pierre-Romain Thionnet
The Left	Marina Mesure, Gaetano Pedulla', Dario Tamburrano

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh